

Ophelia

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin stoirm Ophelia i gContae na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Conas a bhí an stoirm i do cheantar féin? An ndearnadh mórán damáiste?
2. An stoirm nó spéirling a bhí in Ophelia agus cad é an difríocht idir an dá théarma?

Ceist 2 Féach ar na focail thíos atá le fáil sa mhír. An dtugann siad aon tuairim duit faoi ábhar an scéil a bheidh á phlé sa mhír?

- reachtaíocht
- pionós
- aird a thabhairt ar
- foláirimh
- héileacaptar tarrthála
- údar imní
- contúirteach
- na seirbhísí éigeandála
- an dlí
- cosáin



Ceist 3 Anois féach ar an mír agus breac síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 **A.** An dtugann tú faoi deara an t-athrú a chuirtear i bhfeidhm ar 'an Ghaillimh' sa teideal 'Comhairle Contae na Gaillimhe'? Athraigh na logainmneacha thíos más gá, chun na bearnaí a líonadh sna teidil.

- | | |
|----------------------|------------------------|
| - Corcaigh: | Comhairle Contae _____ |
| - Baile Átha Cliath: | Comhairle Contae _____ |
| - Luimneach: | Comhairle Contae _____ |
| - Tiobraid Árann: | Comhairle Contae _____ |
| - Ceatharlach: | Comhairle Contae _____ |

Cad faoin gcontae ar rugadh agus ar tógadh tú féin ann?

B. Tá an tuiseal ginideach i gceist sna samplaí thuas. Bíonn an tuiseal ginideach i gceist ar 5 chúis. Léigh na cúiseanna agus na samplaí thíos agus bí ag obair leis an duine in aice leat chun samplaí eile a scríobh síos.

Cúis 1: dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile, e.g. tarrtháil → héileacaptar tarrthála

Sampla eile: _____

Cúis 2: tar éis ainm bhriathartha, e.g. foláireamh → ag tabhairt foláirimh

Sampla eile: _____

Cúis 3: tar éis réamhfhocail chomhshuite, e.g. an doras → os cionn an dorais

Sampla eile: _____

Cúis 4: tar éis réamhfhocail áirithe, e.g. an tír → timpeall na tíre

Sampla eile: _____

Cúis 5: tar éis focail a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl, e.g. damáiste → a lán damáiste

Sampla eile: _____

Ceist 5 ‘..aon phionós..’

Mínigh na rialacha a chuirtear i bhfeidhm ar ainmfhocail a leanann ‘aon’.

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cad atá ar eolas agat faoin gCaptaen Dara Fitzpatrick?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a phlé.

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí ábhar an scéil nuachta a thomhas ina mbeirteanna sula bhféachann siad ar an mír. Cabhraigh leo le brí na bhfocal thíos, más gá.

reachtaíocht – *legislation*

piónós – *penalty*

aird a thabhairt ar – *take notice of*

foláirimh – *warnings*

héileacaptar tarrthála – *rescue helicopter*

údar imní – *reason to be worried*

contúirteach – *dangerous*

na seirbhísí éigeandála – *the emergency services*

an dlí – *the law*

cosáin – *paths*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A.

Corcaigh:	Comhairle Contae Chorcaí
Baile Átha Cliath:	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath
Luimneach:	Comhairle Contae Luimnigh
Tiobraid Árann:	Comhairle Contae Thiobraid Árann
Ceatharlach:	Comhairle Contae Cheatharlach

B.

Cearthaigh na samplaí a chuirfidh na foghlaimeoirí ar fáil, más gá.

Ceist 5

Leanann séimhiú ‘aon’, seachas i gcás:

- ainmfhocail dar tús ‘d’, ‘t’, nó ‘s’, e.g. aon duine.
- ainmfhocail dar tús guta, e.g. aon áit.

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun an cheist a phlé.

Eimear Ní Chonaola

Tá sé ráite ag an Taoiseach, Leo Varadkar, go mb'fhiú breathnú ar reachtaíocht le pionós a ghearradh ar dhaoine nach bhfuil sásta aird a thabhairt ar fholáirimh aimsire. Cháin Niamh Fitzpatrick – deirfiúr Dara Fitzpatrick ó chriú an héileacaptair tarrthála 116 – daoine a chuaigh ag snámh inné agus dúirt sí gur cheart an dlí a chur orthu.

Irene Ní Nualláin

Leagadh crainnte¹ agus bhí salachar fágtha ar os cionn 40 bóthar i nGaillimh aréir, a bhformhór acu seo in oirthear an chontae. Bhí suas le 50 aonad ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, chomh maith le cúig aonad déag ón gComhairle Cathrach amuigh óna sé a chlog ar maidin le bóithre an chontae a ghlanadh. Salachar, feamainn agus crainnte¹ is mó a bhí á nglanadh acu.

Údar inní atá ann do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go raibh daoine ag snámh sa bhfarraige² le linn na stoirme inné.

Ailish Bhreathnach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Faraor, chuaigh roinnt daoine isteach san uisce cé gur fógraíodh orthu níos mó ná uair amháin teacht amach as. Dar ndóigh, tá sé thar a bheith contúirteach agus cé nach féidir linn mórán a dhéanamh faoi ag an tráth seo, tá muid ag breathnú ar fhéidearthachtaí, b'fhéidir le cosc a chur ar rochtain le dul chuig na háiteanna sin as seo amach.

Irene Ní Nualláin

Ar an gCarraig Dhubh inniu, bhí roinnt daoine a bhí ag snámh sa bhfarraige inné, gan náire faoi, [agus] daoine eile den tuairim go raibh sé iomlán mícheart go ndeachaigh daoine isteach sa bhfarraige² agus stádas dearg i bhfeidhm sa gcathair³.

'Ní raibh sé ceart go ndeachaigh⁴ siad isteach san uisce. Chuir sé na *emergency services*⁵ i gcontúirt.'

'Bhí sé an-dainséarach ach faigheann siad sult as agus téann siad isteach gach aon lá.'

Deir na Gardaí i mBóthar na Trá nár bhris na daoine seo aon dlí agus nach bhfuil siad in ann aon pionós a ghearradh orthu dá bharr.

Idir an dá linn, tá an dá údarás i nGaillimh ag scrúdú an damáiste a rinneadh sa gcontae⁶, go háirithe do bhallaí cosanta ar an gcósta, do chosáin agus do bhóithre. Beidh roinnt seachtainí eile ann, a deir siad, sula mbeidh an costas iomlán ar eolas acu.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

¹ *crainn* an leagan caighdeánach

² Córas Chonnacht

³ Córas Chonnacht

⁴ *go bhfaighidh* a deirtear

⁵ *na seirbhísí éigeandála* an leagan Gaeilge

⁶ Córas Chonnacht